

Ráitis Airgeadais

Abhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

Forléargas

Breathnaíonn an tAthbheithniú Oibriúcháin agus Airgeadais ar na príomhthreochtaí agus na príomhfachtóirí is cúis le forbairt, feidhmíocht agus seasamh FSS le linn 2006, agus ar na treochtaí agus fachtóirí is dócha a rachaidh i bhfeidhm ar fhorbairt agus ar stádas FSS sa todhchaí.

I 2006 lean FSS ag soláthar a riachtanas cuntasachta trí bhainistiú a dhéanamh ar a hacmhainní laistigh dá Vóta ar a cláir ioncaim agus Chaipitil araon. Bhi easnamh €78m ann sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, ámh, i 2006 (€53m de bharrachas i 2005). An chúis atá leis an difríocht idir an seasamh ioncaim agus caiteachais sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus an seasamh Vóta sna Cuntais Leithghabhála ná an caiteachas sna ráitis airgeadais a dtugtar cuntas orthu ar bhunús fabhráithe, agus tugtar cuntas ar an Vóta ar bhunús cuntasaiochta 'airgid thirim' de réir mar a éilíonn rialacha Cuntasaiochta an Rialtais. Léiríonn an glanmaoiniú ón Stáitchiste, de réir mar atá tuairiscithe sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus sna Cuntais Leithghabhála glanleas FSS chuig an Stáitchiste chun maoiniú a dhéanamh ar iocaiochtaí a rinneadh, agus ní bhaineann sé le caiteachas a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Mar thoradh air seo, ní léiríonn na hiarmhéideanna sna cuntais ioncaim agus chaiteachais na ghnáthbharrachais ná na gnáthheasnamh, mar go bhfuil siad inchurtha, den chuid is mó, i leith na difríochta idir fabhrúithe caiteachais agus maoiniú airgead-bhunaithe.

Tá cúpla catagóir ioncaim (leithreasáí i gcabhair) amháil Costais Aisghabhála ón gCiste Árachais Shóisialta, Ioncam ó Sheirbhísí a soláthraíodh faoi Rialacháin an AE agus Aisghabháil ón UK Department of Health and Social Security taobh amuigh de rialú díreach FSS. Leagann an Roinn Sláinte agus Leanáí agus an Roinn Airgeadais amach na meastacháin bhliantúla do na catagóirí seo. Má thiteann an méid a fhaigheann FSS ó leithreasáí i gcabhair faoi bhun an leibhéil a sonraíodh sa Mheastachán, mar a tharla i 2006, ní mór do FSS bainistiú a dhéanamh ar chaiteachas comhlán ag teacht leis an laghdú i leithreasáí i gcabhair chun an Vóta iomarcach a sheachaint. I gcásanna ina sáraíonn an t-ioncam iarbhir sna catagóirí seo an Meastachán ní féidir an barrachas a úsáid chun caiteachas breise a dhéanamh agus caithear é a aisíoc leis an Stáitchiste. Caithear cead a fháil ón Dáil trí Mheastachán Forlíontach d'aon mhéadú ar an Vóta.

Timpeallacht Ghnó

Feidhmíonn FSS i dtimpeallacht ghnó atá thar a bheith dúshlánach. Tá teorainn le hacmhainní, agus tá athruithe ag tarlú de shíor maidir le héilimh agus le réimeanna cóireála agus cuireann siad seo dúshlán shuntasacha roimh an bhFeidhmeannacht i soláthar leibhéil méadaithe agus cháilíocht méadaithe na seirbhíse do dhaonra atá ag dul i méid. Dúshlán eile atá i ndán don eagraíocht ná athfhocasú a dhéanamh ar an leagáid a d'fhág struchtúr na mBord Sláinte laistigh de FSS aontaithe agus tugann sé leis dúshlán shuntasacha i dtéarmaí oibriúcháin.

Ag cur na timpeallachta seo san áireamh, chuir FSS tús le cur i bhfeidhm Chlár Athraithe 2007-2010, a chuimsíonn Cláir Athraithe Seirbhíse agus Cláir Athraithe Bonneagair araon.

Straitéis agus Cuspóirí

Maidir le Bonneagar, tá plean caipitil cúig bliana i bhfeidhm ag FSS, le haghaidh na tréimhse 2007-2011. Ceaptar plean caipitil sonrach gach bliain chun dul i ngleic le tosaíochtaí laistigh de gach bliain ar leith. Tugtar tús áite do thionscadail ar leith, ó dhearcadh agus ó thaithí na seirbhísí tosaigh agus na bainistíochta eastát, maille le hionchur straitéiseach ó ONO agus ó CPPL, leibhéal corparáideach, agus faofa ag Foireann Bainistíochta FSS i bhfianaise na gcinntí maidir le polasáí agus straitéis.

Chomh maith le hobair a bhí idir lámha a chur i gcrích faoi thionscnaimh speisialta reatha, lena n-áirítear Michumas, Oideachas d'Altraí, Rannóga Éigeandála srl, cuireadh tús le clár caipitil speisialta i réimse an Chúraim Phríomhúil i 2006 agus an cuspóir a bhí leis ná tacú le tionscadail le bonn ilchleachtóra, agus iad seo tacaíthe le hacmhainn chuí de ghairmithe sláinte agus d'eilimintí grúpaí cúraim, go háirithe i réimsí na Meabhairshláinte agus i Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta.

I 2005 agus 2006 araon, nior chaith FSS a Vóta caipitil go léir. Tá FSS lántiomanta, ámh, struchtúir inmheánacha a fhorbairt chun a chinntiú go gcaitear an caipiteal go hiomlán as seo amach.

Cé go raibh roinnt mhaith tionscnamh Luach ar Airgead (LAA) ar bun ag FSS mar eagraíocht, ceapadh ball foirne sinsearach le déanaí ar a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán as comhordú a dhéanamh ar LAA ag leibhéal straitéiseacha agus oibriúcháin araon. Ceann de na príomhfhócais atá ag an straitéis LAA ná an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as cumhacht ceannaigh FSS mar aoneagraíocht amháin ach comhiomlánú a dhéanamh ar chonarthaí náisiúnta. Gné eile den straitéis LAA ná bunú na Seirbhíse Comhroinnte Náisiúnta a chuimsíonn Airgeadas, AD, Soláthar, Eastáit agus feidhmeanna TFC.

Ag teacht le polasaí Rialtais, chuir FSS cúpla ospidéal príobháideach ar bun ar thailte chúpla ceann de na hospidéal phoiblí/dheonacha.

Tá roinnt straitéisí á gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic le réimsí sonracha den bhrú atá ar an tseirbhís. Ina measc tá fócas níos mó orthu seo a leanas:

- Seirbhísí Cuimsitheacha sa Chúram Príomhúil a sholáthar
- Dul i ngleic le saincheistanna a bhaineann go sonracha le Daoine Scothaosta
- Riachtanais na hEarnála Míchumais, agus
- Cur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála 'Vision for Change' maidir le Meabhairshláinte

Tá FSS freagrach freisin as riaradh a dhéanamh ar an Scéim Iocaíochta Sláinte, a bhaineann le táillí do thithe altranais a íoc. Táthar ag dul i ngleic freisin leis an leas a bhí i gceist i gcuntais Mhaoin Phríobháideach na nOthar.

Tábla 28: Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2005 agus 2006

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	2006 €'000	2005 €'000	% Athraithe
Ioncaim Iomlán	11,959	11,054	8.19%
Caiteachas ar Phá	4,406	4,030	9.33%
Caiteachas Neamhphá	7,631	6,971	9.47%

Achoimre ar Thorthaí Airgeadais

Faigheann FSS an chuid is mó dá ioncam ó mhaoiníú ón Stáitchiste, agus an chuid eile ó tháillí ó othair agus ioncam eile. Vótáiltear an maoiníú ón Stáitchiste gach bliain i nDáil Éireann.

An rud a thiomáineann an méadú ar chaiteachas pá ná dámhachainí pá faoi Chomhaontuithe Pá Náisiúnta agus méadú ar an líon foirne. Mhéadaigh an líon foirne i FSS 5% bliain ar bhliain sna hearnálacha seo a leanas, mar iomlán: cúram príomhúil, ospidéal agus daonra agus sláinte.

Maidir le caiteachas neamhphá, tharla an méadú is suntasaí i 2006 ar scéimeanna cúraim príomhúil agus cártaí leighis, bainistí (go háirithe costais fuinnimh agus ghlantóireachta), iompar d'othair agus seirbhísí

Tabla 29: Clár Comhardaithe 2005 agus 2006

Clár Comhardaithe	2006 €'000	2005 €'000	% Athraithe
Sócmhainní Seasta	4,610,376	4,640,355	(0.65%)
Sócmhainní Reatha	353,821	352,820	0.28%
Glandliteanais Reatha	(978,271)	(882,632)	10.84%
Sócmhainní lomlána	3,557,411	3,671,187	(3.10%)

otharcharranna, agus mar thoradh air seo tháinig méadú idir 10% agus 12% air i gcomparáid le 2005.

Bhí diúscairtí suntasacha ann ar thailte le linn 2006 a dtugtar cuntas orthu sna sócmhainní seasta. Nuair a bunaíodh FSS, cuireadh tailte eagraíochtaí réamhtheachtaithe FSS san áireamh sa luacháil. Bunaíodh luacháil tailte ar rátaí in aghaidh an heicteáir/mhéadair chearnaigh a chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí ar fáil tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Luachála. Bhí trí dhiúscairt tailte ann le linn 2006. San áireamh anseo bhí an t-aistriú ar thailte i nGort na Silíní chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh €6.65m do sholáthar tithíochta sóisialta. Tugadh ceapadh thalún eile ar cíos do Chlub Peile Ghort na Silíní i gcomhaontú léasa 99 bliain don soláthar ar chonláistí pobail, spóirt agus áineasa. Bhain an diúscairt dheireanach le tailte in Ospidéal Uí Chonghaile a aistríodh i 2006 le haghaidh €2.34m. Dioladh é trí chuireadh chun tairisceana ar an margadh oscailte roimh bhunú FSS, mar chuid de chomhaontú díolacháin níos fairsinge.

An phríomhchúis leis an méadú ar stoic i gcomparáid le 2005 ná gur ceannaíodh vacsainí frithvíreasacha, rud a léiríonn an bunchaiteachas a bhí ann bliain ar bhliain.

An phríomhchúis le méadú ar ghlandliteanais reatha ná an méadú i gcreidiúnaithe a léiríonn bunratha an mhéadaithe ar chaiteachais bliain ar bhliain.

Rioscaí agus Éiginnteachtaí

Ceann de na príomhrioscaí atá ann do FSS ná na méaduithe bliantúla ar chostais a bhaineann le 'Scéimeanna Éileamh-Threoraithe' amhail na scéimeanna 'Breoiteacht Fhadtéarmach' agus an 'Scéim Íocaíochta Drugaí'. Tá na scéimeanna seo cuimsithe sna Scéimeanna Cúraim Phríomhúil agus Cártaí Leighis. Toisc cineál na scéimeanna seo, ní féidir an t-éileamh a bheidh orthu a thuar, agus thug sé seo leis brú ar an mbuiséad bliain ar bhliain, chomh maith le méaduithe praghais.

I 2006, b'ionann íocaíocht le haghaidh Seirbhísí Cógaisíochta agus €1.654 billiún, sin méadú €235m ar 2005 ar na seirbhísí céanna. Ar na gcaoi chéanna, mhéadaigh íocaíochtaí caipitíochta do dhaoine scothaosta ó €420 milliún i 2005 go €485m i 2006; sin méadú 15.48%. Cé go ndéanann FSS iarracht ioslaghda a dhéanamh ar an tionchar neamhfhabhrach a bheadh ag na scéimeanna seo trí dhianmhonatóireacht a dhéanamh agus trí phróisis rialaithe, níl amhras ar bith ann ach go léiríonn an t-éileamh méadaithe agus na costais mhéadaithe dúshlán suntasach don eagraíocht i gcomhlíonadh a freagrachtaí cuntasachta.

Tuairisc maidir le Monatóireacht Feidhmíochta

Mar chuid dá tiomantas forbairt agus cothú a dhéanamh ar an gcultúr bainistíochta feidhmíochta laistigh den eagraíocht chuir FSS Tuairisc um Mhonatóireacht Feidhmíochta leasaithe i bhfeidhm i 2006. Chomh maith leis sin, ceapadh tuarascáil ráithiúil maidir leis an dul chun cinn i gcomparáid le seirbhísí insoláthartha mar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta agus táscairí ráithiúla/bearta a ceapadh i 2006, a chuirfi i bhfeidhm go céimneach i 2007.

San áireamh sa TMF míosúil tá achoimre ar fheidhmíocht, maille le sraith beart a bhféadfai ár bhfeidhmíocht a chur i gcomparáid leo chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht sin. Léiríonn siad seo an dul chun cinn i gcomparáid leis an PFN, maille le hachóimre ardleibhéil ar nithe, saincheisteanna agus ábhar brú suntasacha, agus luaitear gníomhartha ceartaitheacha.

Chomh maith leis an tuairisciú míosúil agus ráithiúil i gcomparáid leis an PFN, ceapadh tuarascáil maidir le Tomhas na Feidhmíochta Corparáidí le linn 2006, a ndéanfar tástáil phiolótach air i 2007 agus cuirfear i bhfeidhm é go hiomlán i 2008. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar 25 táscaire, a chuireann tuarascáil stádais ar fáil maidir lena bhfuil bainte amach i leith na 12 bheart. Ag eascairt as seo tá sampla d'fheidhniocht na heagraíochta curtha i gcomparáid le Cuspóirí Corparáideacha FSS agus na tosaíochtaí a bhaineann le cúrsaí athraithe.

I dteannta a cheile, feabhsóidh na tionscnaimh seo go mór an fhrámaíocht chuntasachta ag FSS. Le caitheamh ama, ba chóir go n-eascródh úsáid níos éifeachtaí acmhainní agus soláthar feabhsaithe seirbhíse laistigh de na hacmhainní sin as na tionscnaimh.

Tuairisc Bhaill an Bhoird

Is é Bord Fheidhmeacht na Seirbhíse Sláinte an bord rialaithe atá ag an bhFeidhmeacht. Tá 11 ball neamhfheidmiúcháin ar na mBord (an Cathaoirleach agus 10 ngnáthbhall san áireamh), agus is é/í an tAire Sláinte & Leanaí a cheapann na baill seo, de réir Alt 11 den Acht Sláinte 2004. Tá Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin FSS mar bhall den Bhord freisin.

Baill

Tá liosta de bhaill reatha an Bhoird ar leathanach 10.

Coistí an Bhoird

Forálann an tAcht Sláinte 2004 go gcuirfeadh an Bord coistí ar bun chun cúnaimh agus comhairle a chur ar fáil dó maidir le feidhmiú a fheidhmeanna. Déanann an Bord ballraíocht agus téarmaí tagartha gach coiste a chinneadh.

I láthair na huairé tá trí bhunachóiste ag an mBord: An Coiste Iniúchta, An Coiste Luacha Saothair agus an Coiste Riosca (bunaidh an Coiste deireanach seo ag deireadh 2006).

An Coiste Iniúchta

Seo a leanas baill an Choiste Iniúchta: An tOllamh Niamh Brennan (Cathaoirleach), An tUasal PJ Fitzpatrick, agus An tUasal Joe Macri. Ceapadh An tUasal Adrian Waters ina bhall seachtrach den Choiste.

Tuairiscíonn an Coiste seo don Bhord maidir le gach gné a bhaineann le tuairiscíú airgeadais agus déanann sé athbhreithniú ar an gcóras um iniúchadh inmheánach agus ar bhainistiú riosca FSS. Buailéann iniúcháirí seachtracha FSS leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí Ráitis Airgeadais Bhliantúla FSS.

An Coiste Luacha Saothair

Seo a leanas baill an Choiste Luacha Saothair: An Dr Dónal de Buitléir (Cathaoirleach), An tOllamh John Murray, An Dr Maureen Gaffney, agus An tUasal Liam Downey. Tá an Coiste Luacha Saothair freagrach as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le nithe a bhaineann le luach saothair i FSS.

An Coiste Riosca

Seo a leanas baill an Choiste Riosca: An tOllamh Anne Scott (Cathaoirleach), An tUasal Eugene McCague, an tOllamh Michael Murphy agus An tUasal Michael McLoone.

Diríonn an Coiste Riosca go príomha ar chuidiú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh ar rioscaí neamhairgeadais, go háirithe riosca cliniciúil.

Coistí Eile

Bunaidh comhchoiste Bainistíochta/Boird chun tograí a cheapadh maidir le hOideachas, le hOiliúint agus le Taighde. Seo a leanas na baill atá ar an gCoiste seo: An tOllamh Michael Murphy, An tUasal Michael McLoone agus an tOllamh Anne Scott.

Chomh maith leis sin, tá Coiste ar bun ag an mBord chun saincheisteanna a bhreithniú a eascraíonn as an idirghabháil do chonarthaí le Comhairleoirí. Seo a leanas baill an Choiste sin: An tOllamh Brendan Drumm, An tUasal Liam Downey, An Dr Dónal de Buitléir, An Dr Maureen Gaffney, An tOllamh Michael Murphy, An tUasal Eugene McCague agus An tUasal Michael McLoone.

Tugann Rúnaí an Bhoird tacaíocht don Bhord agus dá Choistí.

Cruinnithe an Bhoird agus a Choistí

De réir Sceideal 2 den Acht Sláinte 2004, tá sé de cheangal ar an mBord ar a laghad cruinniú amháin a bheith aige i ngach ceann de 11 mhí sa bhliain. Reáchtáladh 17 gcruinniú Boird le linn 2006. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile 11 uair; agus tháinig an Coiste Luacha Saothair agus an Coiste Riosca araon le chéile trí huair i 2006.

Tá tinreamh chruinnithe an Bhoird agus a Choistí leagtha amach i dTábla 30.

Tábla 30: Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus a Choistí

	Bord		C. Iniúchta		C. Luacha Saothair		C. Riosca	
	Cruinnithe	Tinreamh	Cruinnithe	Tinreamh	Cruinnithe	Tinreamh	Cruinnithe	Tinreamh
L Downey	17	17			3	3		
N Brennan	17	17	11	11				
D de Buitléir	17	15			3	3		
B Drumm	17	15						
PJ Fitzpatrick	17	14	11	9				
M Gaffney	17	12			3	2		
J Macri	17	12	6*	4				
E McCague	17	12					3	3
M McLoone	17	9					3	1
M Murphy	17	14					3	3
J Murray	17	13			3	3		
A Scott	17	14					3	3

*Ceapadh An tUasal Joe Macri mar bhall den Choiste i mí Aibreáin 2006.

Cód Rialachais

Leagtar amach san Acht Sláinte, 2004 na ceanglais dhlíthiúla atá ar FSS maidir lena Chód Rialachais. Tar éis a achtaithe, thosaigh FSS ar an bpróiseas chun a Chód Rialachais a fhorbairt.

Ghlac Bord FSS leis an gCód Rialachais le haghaidh FSS i mí Mheán Fómhair 2006 agus chuir sé an Cód faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanai chun go ndéanfaí é a fhaomhadh.

Sa Chód Rialachais tá 12 cháipéis idirghaolmhara a chruthaíonn frámaíocht rialachais: Seo a leanas na cáipéisí sin:

1. Frámaíocht don Rialachas Corparáideach agus Airgeadais
2. Téarmaí Tagartha an Bhoird
3. Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta
4. An Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh
5. Téarmaí Tagartha an Choiste Luacha Saothair
6. Téarmaí Tagartha an Choiste Riosca
7. Cód maidir le Caighdeáin agus Iompraíocht
8. Tuairisciú de Mheon Maith
9. Ráiteas Polasaí maidir le Calaois
10. Polasaí Comhtháite Bainistíochta Riosca
11. Polasaí Soláthair
12. Cairt Chustaiméirí/Nós Imeachta maidir le Gearáin

Tá roinnt mhaith de na gnéithe éagsúla den chód á gcur i bhfeidhm. A luaithe is a dhéanann an tAire an Cód a fhaomhadh, cuirfear tús leis an obair ar chur i bhfeidhm na ngnéithe eile.

Iniúchadh Inmheánach

Tá Iniúchadh Inmheánach ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann le frámaíocht rialachais chorparáidigh FSS. Tá Iniúchadh Inmheánach freagrach as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras atá ag FSS chun rialú inmheánach a dhéanamh d'fhonn cuidiú leis an lucht bainistíochta feabhas a chur ar nósanna imeachta agus ar phróisis FSS agus chun a chinntiú go bhfuil FSS ag feidhmiú de réir phrionsabail éifeachta, éifeachtúla, ardchaigheán, ionracais agus luach ar airgead.

Tá an Stiúrthóir Náisiúnta i gceannas ar an bhfeidhm neamhspleách laistigh de FSS, ar a dtugtar An Stiúrthóireact Inmheánach Iniúchta, agus tugann an Stiúrthóir tuairisc do Chathaoirleach Choiste Iniúchta FSS. Oibríonn an Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh go dlúth, freisin, leis an POF agus leis an bhFoireann Ardbhainistíochta.

Buailleann an Stiúrthóir Náisiúnta leis an gCoiste Iniúchta ar bhonn rialta chun tuairisc a thabhairt ar mheasúnuithe agus ar mholtaí an Iniúchta Inmheánaigh d'fhonn feabhas a chur ar chóras inmheánach rialuithe agus rialachais FSS.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí Bhaill an bhoird i leith na Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Tá baill an Bhoird freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dli infheidhmithe.

De réir Alt 36 den Acht Sláinte 2004, tá sé de cheangal ar FSS ráitis airgeadais a ullmhú ar cibé bealach a ordóidh an tAire Sláinte agus Leanaí agus de réir na gcaighdeán cuntasóireachta atá sonraithe ag an Aire.

Agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú, tá na nithe seo a leanas de cheangal ar bhaill an Bhoird:

- polasaithe cuntasóireachta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- nochtadh a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar aon chás go n-imitear ó chaighdeáin chuntasóireachta infheidhmithe
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfadh FSS uirthi ag feidhmiú.

Tá baill an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcothaítear taifid chuntasóireachta a nochtadh, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais FSS. Tá baill an Bhoird freagrach freisin as sócmhainní FSS a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun aon chalaíocht nó aon mhírialtacht eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann FSS



An tUasal Liam Downey

Cathaoirleach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

9 Bealtaine 2007

Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Cuireadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar bun ar bhonn reachtúil ar Ordú an Aire ar 1 Eanáir 2005 de réir fhorálacha an Achta Sláinte 2004. Forálann an tAcht do lánscoir na mBord Sláinte agus eagraíochtaí sainithe eile agus d'aistriú a bhfeidhmeanna, a bhfosaithe, a sócmhainní agus a ndlíteanais chuig FSS ar an dáta sin. Caithfidh FSS na teoracha a eisiann an tAire Sláinte agus Leanaí a chomhlíonadh.

Is é Bord FSS an bord rialaithe ag an bhfuil an údarás feidhmeanna FSS a fheidmiú. Féadfaidh an Bord aon cheann dá fheidhmeanna a tharmilgean ar an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF). Féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil dó maidir le feidhmiú a fheidhmeanna. Tá cúpla Coiste curtha ar bun ag an mBord lena n-áirítear Coiste Iniúchta agus Coiste Riosca ar a bhfuil idir bhaill Bhoird agus bhaill neamhfeidhmiúcháin eile.

Ar na feidhmeanna atá ag an POF tá cur i bhfeidhm pholasaí an Bhoird, maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht, bainistíocht ar chórais rialaithe éifeachtacha agus tuairisciú ar fheidhmíocht, de réir mar is gá. Is é an POF an tOifigeach Cuntasáiochta do Vóta FSS. Ní mór dó, freisin, cibé eolas (eolas airgeadais san áireamh) maidir le feidhmiú a fheidhmeanna, a iarrfadh an Bord, a chur ar fáil.

Glacann an Bord agus an POF lena bhfreagrachtaí as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais i FSS. Ceaptar Córas Rialaithe Inmheánaigh chun an riosca a laghdú seachas é a dhíchur. Ní féidir leis an gcóras sin ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, go ndéanfar údarú ar idirbhearta agus go gcoinneofar taifead ceart orthu agus go gcuirfear cosc le haon earráid nó le haon mhírialtacht nó go mbraithfear iad in am tráth.

Tá freagracht shoiléir ar an mBord, ar an POF agus ar an bhFoireann Bainistíochta maidir le cur i bhfeidhm agus cothabháil ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais agus tugtar tús áite dó.

Bunús an Ráitis

Déanaim an ráiteas seo, mar Chathaoirleach ar Bhord FSS, de réir Chód Cleachtais don Rialú ar Chomhlachtaí Stáit. Ar dhéanamh an Ráitis seo ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais bhí an Bord ag brath ar an Ráiteas a rinne an POF mar Oifigeach Cuntasóireachta i gCuntais Leithghabhála 2006.

An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Is próiseas leanúnach atá i gcothabháil an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar éifeacht an chórais sin. Ó bunaíodh FSS bhí mórathruithe á gcur i bhfeidhm agus bhain dúshlán nach beadh leis an gcónascadh a rinneadh ar 17 iarghníomhaireacht sláinte, a raibh córas um rialú airgeadais dá chuid féin ag gach ceann acu. Lean na córais agus na nósanna imeachta ag forbairt le linn 2006, bhí na struchtúir eagraíochtúla á dtabhairt chun míneadais agus ceapadh daoine i bpoist ardbhainistíochta. Ghlac na Bord le Plean Seirbhíse agus le Plean Caipitil go luath i 2006 agus d'fhaomh an tAire é laistigh den tréimhse reachtúil. Rinneadh monatóireacht agus meastóireacht ar bhuiséid i gcomparáid le cuspóirí an phlean seirbhíse le linn 2006. Rinneadh leasú, nuashonrú, agus/nó forbairt ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta eile de réir mar ba chuí agus scaipeadh iad seo ar fud na heagraíochta.

Le linn na bliana, lean gach cuid ar leith de FSS a rinne ionadaíocht d'iar-ghníomhaireacht sláinte, ag cur córais tuairiscithe airgeadais ar leith a cónascadh le ráitis airgeadais 2006 de chuid FSS. Tá sé beartaithe ag FSS córas airgeadais comhtháite a chur i bhfeidhm sna blianta amach anseo. Is dúshlán suntasach é seo fós. Idir an dá linn, leanfaidh na córais reatha ag feidhmiú cé go ndéanfar cuichóirí agus caighdeánaithe ar na rialuithe agus ar na nósanna imeachta.

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá i bhfeidhm ag FSS chun rialú inmheánach airgeadais níos éifeachtaí a sholáthar:

- Tá frámaíocht nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, chomh maith le tuairisciú bainistíochta rialta, lena n-áirítear leithscaradh ar dhualgais, córas tarmilgín agus freagrachta agus údarú ar chaiteachas.
- Cuireadh tús le tionscadal chun sraith amháin rialachán ar fud FSS a fhorbairt, chun go mbeadh comhfrámaíocht ann le feabhas a chur ar éifeacht an Chórais um Rialú Inmheánacha Airgeadais le bunú FSS i 2005. Rinne Foireann Bainistíochta FSS faomhadh ar na rialacháin i gcéad chéim an tionscadail seo agus rinne Coiste Iníúchta athbhreithniú orthu. Cothaíonn siad caighdeán an dea-chleachtais agus glactar leo ar fud na seirbhíse sláinte agus is cuid thábhachtach iad de na córais rialaichais níos leithne atá i bhfeidhm laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Sheol an POF an chéad chéim den tionscadal seo a chuimsíonn 'Ceannaigh le Diol' i mí Mheán Fómhair 2006. Ceapfar rialacháin náisiúnta airgeadais a chuimsíonn próisis eile agus seolfar iad i 2007.
- Tá sé de cheangal ar FSS polasaithe/treoracha a chomhlíonadh a bhaineann le soláthar poiblí, chomh maith le dualgais dhlíthiúla agus rialaitheacha eile.
- Tá próiseas cuimsitheach pleanála agus airgeadais i bhfeidhm ag FSS. I 2006, rinneadh monatóireacht ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht mhíosúil i gcoinne an phlean ag gach leibhéal seirbhíse. Cuireadh tuarascálacha míosúil agus tréimhsiúla faoi bhráid na Foirne Bainistíochta le go ndéanfaidís breithniú orthu agus go ngníomhóidís maidir leo de réir mar is cuí. Déantar athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha seo.
- Tá córas déabhlóidithe buiséadach i bhfeidhm agus tá sé mar fhreagracht ar bhainisteoirí sinsearach a feidhmiú laistigh de theorainneacha sainithe freagrachta agus cuntas a thabhairt ar athraitheas shuntasacha sa bhuiséad.
- Reáchtáiltear próiseas breithmheasa atá caighdeánaithe agus sonrath le haghaidh gach tionscadail caipitil a chosnaíonn níos mó ná €0.5m. Mar chuid den phróiseas sin déantar achoimre ar an tionscadal a chur i láthair ag leagan amach an riachtanas seirbhíse i gcomhthéacs na dtosaíochtaí caipitil mar atá luaithe i bPleananna Corparáideacha agus Seirbhíse agus sa Straitéis Sláinte. Déantar anailís ar chostas tairbhe i gcás gach tionscadail caipitil atá beartaithe agus a chosnaíonn níos mó ná €30m, de réir Threoirilinte 2005 na Roinne Airgeadais maidir le Breithmheas agus Bainistiú ar Thograí Caiteachais Chaipitil san Eanáil Phoiblí. Tugadh athbhreithnithe Boird ar an gclár caipitil isteach i 2006.
- Tá feidhm Iníúchta Inmheánaigh ag FSS le pearsanra atá oille go cuí a fheidhmíonn de réir na cairte scríofa/na dtéarmaí tagartha atá faofa ag an mBord. Cuirtear eolas ar fáil ar a mbunaithe an tIníúchadh Inmheánach ón anailís a dhéantar ar na rioscaí airgeadais a bhfuil FSS nochta dóibh agus tá a phleananna Iníúchta Inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. An aidhm atá leis na pleananna seo ná na rialaithe lárnacha a chlúdach ar bhonn céimneach thar tréimhse réasúnta. Déanann an Coiste Iníúchta an tIníúchadh Inmheánach a athbhreithniú go tréimhsiúil, agus tugann sé tuairisc don Bhord dá réir. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar cúram leantach de na tuarascálacha a chuireann Iníúchadh Inmheánach ar fáil.
- Tá Coiste Iníúchta i bhfeidhm, le cathaoirleach ar ball Boird é/i, seachas Cathaoirleach an Bhoird. Tá trí bhall Boird agus ainmní seachtrach ar an mBord. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Bhord. Feidhmíonn an Coiste de réir Théarmaí Tagartha aontaithe agus tháinig sé le chéile aon uair déag i 2006.
- Cuireadh Coiste Riosca ar bun i 2006 le Cathaoirleach ar ball Boird é/i, seachas Cathaoirleach an Bhoird. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Bhord. Feidhmíonn an Coiste Riosca de réir Théarmaí Tagartha aontaithe agus díríonn sé go príomha ar chuidiú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú oibiachtúil neamhspleách a sholáthar, athbhreithniú oibiachtúil ar rioscaí neamhairgeadais go háirithe rioscaí cliniciúla. Tháinig an Coiste Riosca le chéile trí huairé i 2006. Is gá go mbeadh lán-idirchaidreamh idir an Coiste Iníúchta agus an Coiste Riosca chun go bhfeidhmeodh an dá choiste boird idirghaolmhara seo i gceart.

- Bunaítear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéantar ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach, ar eolas a fhaightear ó obair na feidhme Iniúchta Inmheánaigh, ó obair an Choiste Iniúchta agus ó obair na mBainisteoirí laistigh de FSS a bhfuil freagracht orthu i leith forbairt agus cothabháil na frámaíochta rialaithe airgeadais. Cuireadh san áireamh na ráitis a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.
- Ag teacht le dea-chleachtais, dea-bhainistíocht agus dea-shocruithe rialaithe, agus faoi fhorálacha an Achta Sláinte, 2004, d'ullmhaigh an Bord pleananna corparáideacha agus seirbhíse agus cuireadh iad faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí, go foirmiúil. Leagann na pleananna seo amach na tosaíochtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha ag FSS.

Leagann Alt 35 den Acht Sláinte 2004 amach an ceangal atá ar FSS maidir le cód rialachais. Go háirithe, éilíonn an t-alt seo ar FSS, cód rialachais a chur faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí, chomh luath agus is indéanta, agus na nithe seo a leanas san áireamh sa chód:

- (a) Na treoirphrionsabail atá infheidhme maidir le FSS,
- (b) Struchtúr FSS, lena n-áirítear ról agus freagrachtaí an Bhoird agus an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin,
- (c) Na modhanna a úsáidfear chun na seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta a chomhtháthú,
- (d) Na próisis agus na treoirlínte ar ghá iad a leanúint chun a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais tuairiscithe,
- (e) Rialuithe inmheánacha FSS, lena n-áirítear a nósanna imeachta a bhaineann le hiniúchtaí inmheánacha, le bainistíocht riosca, le soláthar poiblí agus le tuairisciú airgeadais, agus
- (f) Cineál agus cáilíochta na seirbhíse ar féidir le daoine atá ag fáil nó ag lorg seirbhísí sláinte agus nó seirbhísí pearsanta sóisialta a bheith ag súil leo.

Tá sé de cheangal, freisin, ar FSS de réir Alt 35 den Acht Sláinte 2004 athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód go tréimhsiúil, agus teoracha ón Aire a chur san áireamh, an Cód a fhoilsiú agus a chur in iúl i dtuarascáil bhliantúil FSS a shocruithe do chur i bhfeidhm agus do chloí leis an gcód rialachais. Rinne an Bord faomhadh ar Fhrámaíocht Rialachais FSS i 2006 agus cuireadh é faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí de réir mar a éilítear faoi Alt 35 den Acht Sláinte 2004.


Comhlíonann na nósanna imeachta éadála sealúchais agus diúscartha ag FSS na dualgais dhlíthiúla atá sonraithe in ailt 78 agus 79 den Acht Sláinte 1947, mar atá leasaithe ag Acht Sláinte 2004. Tharmlig an Bord údarás ar an POF le faomhadh a dhéanamh ar idirbhearta sealúchais suas go teorainn €2,000,000. Ní mór don Bhord aon idirbhearta a sháraíonn an méid sin a fhaomhadh ar mholadh ón POF.

Athbhreithniú ar Éifeacht an Chórais um Rialú Inmheánach

I 2006 rinne an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin coimisiúnú ar athbhreithniú ar éifeacht an chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais. Chuir foireann tionscadail an t-athbhreithniú i gcrích – foireann ar a raibh ardbhainisteoirí a bhfuil saineithneacht acu i réimsí airgeadais, iniúchta agus rialaithe. Chuir an Foras Riaracháin comhairle ar an bhfoireann agus chuidigh sé leo. Mar chuid den chur chuige ceapadh seicliosta maidir le héifeacht rialaithe agus agallaimh dhéthaobhacha le nócha ardbhainisteoir - ina measc bhí foireann iomlán bainistíochta corparáidí agus bainisteoirí eile a roghnaíodh ar fud na heagraíochta. Foilsíodh tuairisc na foirne tionscadail i mí Eanáir 2007. Rinne an Coiste Iniúchta an tuairisc a athbhreithniú agus a phlé ag a chruinniú i mí Eanáir 2007. Chinn an tuairisc go bhfuil córais rialaithe FSS slán, go bunúsach, agus go bhfuil formhór na rialuithe a bhfuil gá leo chun dul i ngleic le príomhrioscaí i ngníomh agus ag feidhmiú go cuí. Rinneadh cúpla moladh a dhaingneodh éifeacht an chórais inmheánach airgeadais laistigh de FSS. Tá an lucht bainistíochta ag déanamh cúraim de mholtaí na tuairisce.

Tá na ráiteas ar an gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais mar léiriú ar mar a sheas cúrsaí i FSS sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006.

Sínithe thar ceann FSS



An tUasal Liam Downey

Cathaoirleach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

9 Bealtaine 2007

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi Alt 36 den Acht Sláinte, 2004.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitiúil, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na Feidhmeannachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Fheidhmeannacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Sláinte, 2004 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Fheidhmeannacht na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill Bhoird na Feidhmeannachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscim mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Tuairiscim freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscim ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscim freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirithe ar ann gur chomhlíon an Fheidhmeannacht an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscim ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas mithreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach príacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le príacail agus rialú na Feidhmeannachta.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Riocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Feidhmeannachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Pleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóhain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Ní ionann é seo agus aon mhaolú a dhéanamh ar mo thuairim, ach tarraingim suntas ar bhunús na gcuntas sna Beartais Chuntasaíochta a mhíoníonn mar atá na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanai éagsúil ó Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

Tuairim, ar a n-áirítear tagairt do chaiteachas nach bhfuil de réir na n-údarás cuí

Teastaíonn cead an Aire Airgeadais le haghaidh gach caiteachais de chuid na Feidhmeannachta a íoctar as airgead arna vótáil ag Dáil Éireann. In 2006 cheadaigh an tAire caiteachas i leith costas theicneolaíocht fhaisnéise agus chumarsáide neamhchaipitil áirithe (TFC) faoi réir teorann de €58.4 milliún. Tá sé measta ag an bhFeidhmeannacht gur caitheadh €63 milliún ar a laghad faoin gceannteideal seo in 2006. Níl córais chuntasaíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a fágadh di ag na comhlachtaí a chuaigh roimpi, foirmithe, áfach, chun faisnéis a chur ar fáil maidir le caiteachas TFC neamhchaipitil ar bhealach a ligeann don mhéid iomlán a bhí i gceist a fháil amach go héasca. Mar sin, ní raibh ar mo chumas a bheith sásta nach raibh tuilleadh caiteachais TFC neamhchaipitil déanta de bhreis ar an méid a bhí ceadaithe.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorchear, de réir na gcaighdeán chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanai, ar riocht ghnóthaí na Feidhmeannachta ag 31 Nollaig 2006 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an bhFeidhmeannacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Purcell

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

9 Bealtaine 2007

Ráitis Airgeadais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Ioncam			
Deontas Ioncaim ón Státhchiste	3	9,548,118	8,987,010
Fáltais ó dhleacht mháil ar tháirge tobac		167,605	0
Ranníocaíochtaí sláinte		1,188,481	1,116,692
Ioncam ó sheirbhísí a sholáthraítear faoi rialacháin AE		396,769	448,575
Aisghabháil ar chostais ón gCiste Árachais Shóisialta		26,506	0
Ioncam ó Othair	4	245,450	203,136
Ioncam Eile	5	386,163	298,550
		11,959,092	11,053,963
Caiteachas			
Pá			
Cliniciúil	6 & 7	2,815,354	2,584,890
Neamhchliniciúil	6 & 7	1,107,293	1,019,878
Seirbhísí eile do Chliaint /d'Othair	6 & 7	483,761	424,819
		4,406,408	4,029,587
Neamhphá			
Cliniciúil	8	689,183	641,335
Iompar d'othair agus Seirbhísí Otharcharranna	8	52,007	46,765
Cúram Príomhúil agus Scéimeanna Cáirteá Leighis	8	2,849,283	2,547,732
Seirbhísí eile do Chliaint/d'Othair	8	3,186,828	2,942,364
Bainistí (lónadóireacht, gréithe, éadaí leapa, srl)	8	216,629	197,284
Speansais Oifige agus Riaracháin	8	555,014	516,099
Táillí a aisíocadh le hothair fhadchónaithe	8	13,382	0
Speansais Oibríúcháin Eile	8	68,916	79,342
		7,631,242	6,970,921
Glan(easnamh)/Glanbharrachas Oibríúcháin don Bhliain		(78,558)	53,455
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		(784,574)	(838,029)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		(863,132)	(784,574)

Déileáiltear le gach gnóthachan agus cailteanas, seachas dímhéas agus amúchadh, tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus tríd an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais.

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ar leathanaigh 67-70.

Liam Downey

Cathaoirleach

Sharon Drummond

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Ioncam			
Maoiniú Caipitil ón Stáitchiste		443,724	513,739
Maoiniú ón AE		674	483
Ioncam ó Mhaoiniú a úsáid le haghaidh Tionscadail Chaipitil		666	883
Feidhmiú na bhFáltas ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		0	1,227
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile		7,407	20,147
		452,471	536,479
Caiteachas			
Deontais Chaipitil chuig Gníomhaireachtaí Deonacha (Aguisín 2)	19(b)	194,322	183,520
Caiteachas Caipitil ar Thionscadail Chaipitil FSS	19(b)	263,480	351,297
		457,802	534,817
Glan(easnamh)Glanbharrachas Caipitil don Bhliain		(5,331)	1,662
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		(184,499)	(186,161)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		(189,830)	(184,499)

